



An Bhruiséil, 4 Aibreán 2022  
(OR. en)

7787/22

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2022/0017(NLE)

---

---

SCH-EVAL 39  
FRONT 147  
COMIX 167

### NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	7786/22
Ábhar:	Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar <b>an Iodáil</b> maidir le cur i bhfeidhm <i>acquis</i> Schengen i réimse <b>bhainistiú na dteorainneacha seachtracha</b>

---

1. Tar éis don Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú a ghlacadh, rinne na Ballstáit agus an Coimisiún meastóireacht ar an Iodáil in 2021 maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha.
2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaithníodh le linn na meastóireachta agus chun a áirithiú go gcuirfidh an Iodáil i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach na rialacha Schengen uile a bhaineann le bainistiú na dteorainneacha seachtracha.

3. D'fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh an 31 Márta 2022.
4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme, mar a leagtar amach in 7786/22 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---